# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
## TEAGASC AR LÍNE

# CLEACHTAÍ CAINTE
## CÉ HÉ FÉIN?

Emily James

### Aidhm

Ag cur síos ar dhaoine agus ag freagairt ceisteanna faoi dhaoine ag baint úsáide as pictiúir ón gcluiche *Guess Who?*
Tá go leor samplaí ar líne de phictiúir as an gcluiche *Guess Who?* D'fhéadfaí sraith de na pictiúir seo a roinnt chun gnéithe éagsúla den teanga a chleachtadh.

### Treoir

Sampla de chleachtadh gramadaí a d'fhéadfaí a bhunú ar na pictiúir ná an difear idir 'sea' agus 'tá'.
An fear é an duine sa chúinne ar chlé? Sea.
An bhfuil gruaig dhubh ar James? Níl.
An bhfuil gruaig fhionn ar Emily? Tá.
An bhfuil féasóg ar James? Níl.
An bhfuil hata ar Emily? Tá.

### Forbairt / Nótaí

Ag leibhéal níos ísle teanga d'fhéadfadh na foghlaimeoirí cur síos simplí a dhéanamh ar na pictiúir: 'Seo Seán. Tá gruaig dhubh air agus tá spéaclaí air' agus mar sin de.

